



Post	Oifigeach Líonra Náisiúnta FLAG (HEO)
Conradh	Conradh sainchuspóra sealadach ar feadh uastréimhse suas go dtí an 31 Nollaig 2027 (CEMID)
Grúpa Seirbhíse	Seirbhísí Teicniúla Bia Mara
Áit	Oifig BIM

Cur síos gairid ar BIM:

Is comhlacht leathstáit neamhthráchtála é BIM a bunaíodh go foirmiúil faoi reacht (An tAcht lascaigh Mhara, 1952). Is é BIM gníomhaireacht Stáit na hÉireann atá freagracht as tionscal bia mara na hÉireann a fhorbairt.

Tá sé d'aidhm ag straitéis BIM feabhas a chur ar iomaíochas earnáil bia mara na hÉireann trí dhíriú ar na cúig phríomhthosaíocht straitéiseacha seo a leanas:

1. Inbhuanaitheacht
2. Scileanna
3. Nuálaíocht
4. Iomaíochas
5. Ceannaireacht

Is gníomhaireacht de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) agus de chuid Líonra Ranna Rialtais eile, gníomhaireachtaí leathstáit, páirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta mara é BIM.

Tá sé aonad gnó san eagraíocht: Seirbhísí Teicniúla Bia Mara, Seirbhísí um Fhorbairt Scileanna, Seirbhísí Corparáideacha, Seirbhísí Forbartha agus Nuálaíochta, Seirbhísí Eacnamaíochta agus Straitéiseacha agus Cumarsáid Corparáideach. Is i nDún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath atá Ceannoifig BIM lonnaithe. Chun tacú leis an earnáil Bia Mara, tá foireann BIM lonnaithe go straitéiseach sna pobail cois cósta a mbíonn siad ag freastal orthu, agus oifigí i nGaillimh agus sna Cealla Beaga san áireamh. Chomh maith leis sin tá dhá choláiste oiliúna BIM lonnaithe sa Chaisleán Nua, Co. Dhún na nGall agus i mBaile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí. Ar deireadh, tá SIH (Mol Nuálaíochta Bia Mara) BIM lonnaithe i gCloch na Coillte, Co. Chorcaí, áit a dtacaíonn sé le nuálaíocht agus le hinbhuanaitheacht i dtionscal bia mara na hÉireann.

Misean BIM

Tacú le luach a mhéadú maidir le hearnáil inbhuanaithe bia mara na hÉireann, ar fud an tslabhra soláthair, ó ghabháil go dtí an tomhaltóir, agus sin a éascú.



Tuairisc ar Ghrúpa Seirbhíse cúí:

Seirbhísí Teicniúla Bia Mara (STS)

Tá an t-aonad gnó STS comhdhéanta de chúig rannóg, Caomhnú Iascaigh, Dobharshaothrú, Inbhuanaitheacht & Deimhniú, Forbairt Réigiúnach an Tuaiscirt agus Forbairt Réigiúnach an Deiscirt. Is ar bhonn réigiúin is mó a bhíonn na foirne bunaithe agus cumhdaíonn siad imeallbhord iomlán na hÉireann. Mar chuid d'obair na gcúig fhoireann STS tá iascaigh ar scála beag, dobharshaothrú iasc eite, sliogéisc agus feamainne, fearais roghnaitheach iascaireachta, an timpeallacht, ábhair phlaisteacha a laghdú, agus éifeachtúlacht phróiseála.

Achoimre ar an Ról:

Beidh an tOifigeach Líonra Náisiúnta FLAG freagrach as Grúpaí Áitiúla Gníomhaíochta go náisiúnta ach in Iardheisceart, i nDeisceart agus in Oirdheisceart na hÉireann den chuid is mó.

Oibreoidh an tOifigeach laistigh d'fhoireann Sheirbhísí Teicniúla Bia Mara chun tacú le boird FLAG straitéisí forbartha áitiúla a fhorbairt ar fud na nGrúpaí Áitiúla Gníomhaíochta Iascaigh faoin gClár EMFAF; ag cur tacaíocht riaracháin ar fáil do bhoird FLAG agus iad ag cur scéimeanna Forbartha Náisiúnta FLAG faoi Threoir an Phobail (CLLD) i bhfeidhm agus iad ag comhordú chur chun cinn thorthaí agus thionchair réigiúnacha agus náisiúnta na ndeontas faoin Scéim seo. Beidh an té a n-éireoidh leis freagrach as dul i mbun idirchaidrimh le BIM ar ghníomhaíochtaí na mbord mar a bhaineann siad le clár EMFAF.

Beidh an ról seo ina thacaíocht dhíreach ag oibleagáidí na hÉireann faoin gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (EMFAF 2021 go 2027).

Cúlra leis an Riachtanas:

Is é BIM gníomhaireacht Stáit na hÉireann a bhfuil freagracht air as tionscal bia mara na hÉireann a fhorbairt. Tacaíonn sé le tionscal bia mara na hÉireann agus le pobail chun cinntiú go mbaintear leas as acmhainní uisceacha agus muirí ar bhealach atá inbhuanaithe.

Tá maoiniú faighte ag Éirinn faoin EMFAF (An Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe) chun tacú an EMFAF a chur i bhfeidhm a mbeidh a leanas mar thoradh air:-

- farraigí agus aigéin atá sláintiúil, sábháilte agus bainistithe go hinbhuanaithe
- Slándáil an tsoláthair bia tríd an soláthar táirgí bia mara
- Forbairt geilleagair ghoirm inbhuanaithe

Is é Rannán na gClár Mara sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) a bheidh freagrach as forbairt agus cur i bhfeidhm Chlár Forbartha Bia Mara 2021 - 2027. Tiofadh an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (EMFAF) 2021-2027 in ionad an Chiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (EMFF) 2014-2020.

Tá Éire chun maoiniú AE thart ar €142 milliún a fháil ón EMFAF nua a bheidh cónasctha le cómhaoiniú ó Rialtas na hÉireann. Leithdháilfear na cistí seo chun iascaigh, dobharshaothrú agus cabhlaigh iascaigh a bhainistiú, agus úsáidfear an chuid eile den mhaoiniú chun bearta ar nós comhairle eolaíochta, rialuithe agus seiceálacha, faisnéis faoin margadh, faireachas muirí agus slándáil mhuirí, a chumhdach. Tacóidh an



EMFAF go háirithe le hiascaigh cois cósta ar scála beag agus le soithigh suas le 24 méadar ar fad chomh maith leis an do Bharshaothrú a chur chun cinn.

Beidh forbairt áitiúil ina príomhghné laistigh den Chiste Eorpach Muirí, lascaigh agus Dobharshaothraithe chun tacú le forbairt inbhuanaithe na bpobal iascaireachta. Le Tosaíocht 3 faoi Airteagal 3 de rialacháin an EMFAF, déantar geilleagar gorm inbhuanaithe a chumasú i gceantair le cósta, ar oileáin agus i gceantair intíre, agus forbairt na bpobal iascaireachta agus do Bharshaothraithe a chothú; Tá an dá ról sin ag tacú go díreach le cur i bhfeidhm chuspóirí an EMFAF.

Leagtar amach in Airteagail 31-34 de Rialachán na bhForálacha Coiteanna (AE) Uimh 2021/1060 an tslí nach mór tabhairt faoi Fhorbairt Náisiúnta faoi Threoir an Phobail (CLLD) maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus lascaigh. Is uirlis ar leith í Forbairt Náisiúnta faoi Threoir an Phobail atá le húsáid ag leibhéal fo-réigiúnach, a chuireann le tacaíocht forbartha eile ag leibhéal áitiúil. Cuireann an mhodheolaíocht seo saol an phobail sa cheantar iascaireachta agus do Bharshaothraithe spleách i lár an aonaigh. Tá na dúshláin a bhaineann le forbairt ina bpobail féin faoi chúram grúpaí daoine a dhéanann ionadaíocht ar limistéir gheografacha ainmnithe i bhfoirm Grúpaí Áitiúla Gníomhaíochta lascaigh chomh maith le tionscnaimh a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin. Trí straitéisí forbartha áitiúla, féachann Grúpaí Áitiúla Gníomhaíochta lascaigh le rannpháirtíocht gach páirtí ar mhaith leo cur leis an bpróiseas seo a éascú, ag cinntiú, ar an gcaoi sin, go bhfuil an straitéis forbartha ag déanamh ionadaíocht ar an bpobal a mhéid agus is féidir.

Bunaítear Grúpaí Áitiúla Gníomhaíochta lascaigh san earnáil iascaigh agus do Bharshaothraithe chun cuir chuige nuálacha a chur chun cinn le forás a spreagadh agus poist a chruthú, go mór mór trí luach a chur le táirgí iascaigh agus an geilleagar áitiúil a éagsúlú i dtreo gníomhaíochtaí eacnamaíochta nua, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a chuireann ‘forás gorm’ agus na hearnálacha muirí níos leithne ar fáil. Ba cheart go gcuirfeadh forbairt inbhuanaithe na hearnála iascaigh agus do Bharshaothraithe le chur chun cinn an ionchuimsithe shóisialta agus le laghdú a dhéanamh ar bhochtaineacht, ag cruthú post agus ag cothú nuálaíocht ag leibhéal áitiúil. Ba cheart go gcuirfeadh sé le comhtháthú críche a bhaint amach.

Tá bord FLAG ag gach réigiún le cósta na hÉireann (tá seacht mbord FLAG ann i láthair na huaire) gach aon cheann díobh a bunaíodh i ndiaidh próiseas soláthair foirmiúil agus ar a bhfuil deonaithe a bhfuil de chúram orthu iarratais ar dheontais a mheas sula gcuirtear ar aghaidh chuig BIM iad lena mheas an bhfuil siad incháilithe, chun litreacha tairisceana agus fíorúcháin a eisiúint chomh maith le héilimh a íoc.

Príomhthascanna:

Tacóidh an tOifigeach Líonra Náisiúnta FLAG le boird FLAG scéimeanna a riar agus comhordú a dhéanamh ar chur chun cinn thorthaí agus thionchair na ndeontas CLLG.

Is mar seo a leanas a bheidh na dualgais laethúla a bhaineann leis an ról seo:

- Forbairt a éascú maidir le straitéisí forbartha áitiúil ar fud na nGrúpaí Áitiúla Gníomhaíochta lascaigh maidir leis an gclár EMFAF
- Clár FLAG a chur chun cinn do dheontaithe ionchasacha
- Torthaí agus tionscadail rathúla a chur chun cinn agus obair a dhéanamh le Foireann Cumarsáide BIM chun iad a chur chun cinn trí chainéil chumarsáide BIM
- Cur i bhfeidhm clár FLAG a éascú sna réigiúin FLAG



- Treoir a fhorbairt agus cúnamh a thabhairt ar fud na nGrúpaí Áitiúla Gníomhaíochta Iascaigh le próiseas iarratais an tionscadail
- Tacú le Boird FLAG cinntí roghnúcháin a chur ar bhonn foirmiúil lena gceadú ag BIM
- Dul i mbun idirchaidrimh le BIM ar ghníomhaíochtaí na mbord mar a bhaineann siad le clár EMFAF.

Eile:

Dualgais ghaolmhara ar bith eile a d'fhéadfaí a éileamh de réir mar is réasúnach agus a shannadh ó am go ham a chomhlíonadh

Struchtúr Tuairiscithe:

Bainisteoir Forbartha Acmhainní/Stiúrthóir Seirbhísí Teicniúla Bia Mara.

Teagmhálaithe:

Laistigh de BIM

Stiúrthóir Seirbhísí Teicniúla Bia Mara

Lasmuigh de BIM

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, ICES, páirtithe tionscadail, an Coimisiún Eorpach, Foras na Mara, SFPFA, tionscal na hiascaireachta (náisiúnta agus idirnáisiúnta), eagraíochtaí neamhrialtasacha timpeallachta, earnáil an ardoideachais tríú leibhéal.

Oiliúint

Níl aon riachtanais oiliúna éigeantach don ról seo.

Déanfar riachtanais oiliúna a aithint tríd an gCóras Bainistithe Feidhmiúcháin atá againn.

Oideachas, Cáilíochtaí Gairmiúla nó Teicniúil, Eolas, Scileanna, Inniúlachtaí, Taithí, agus Oiliúint

Riachtanach:

- Céim tríú leibhéal ábhartha i staidéar gnó, cumarsáid, riarachán nó i réimse ábhartha.
- Taithí trí bliana i dtaithí riaracháin ábhartha.
- Dea-scileanna idirphearsanta agus ábalta oibriú le cliant agus páirtithe leasmhara agus cumarsáid éifeachtach a dhéanamh leo.
- A bheith in ann obair go héifeachtach le tionscal na hiascaireachta agus le pobail áitiúla.
- Scileanna éifeachtúla eagrúcháin agus riaracháin.
- Dea-bhainistiú ama agus an cumas nithe a chur in ord tosaíochta agus spriocanna a bhaint amach.
- An cumas oibriú gan mhaoirsiú agus mar dhuine den fhoireann.
- Scileanna maithe cumarsáide sa scríobh agus ó bhéal chomh maith le scileanna éifeachtacha uimhearthachta.
- Ceadúnas iomlán tiomána glan.



Inmhianaithe:

- Taithí ag obair mar chuid d'fhoireann Cumarsáide nó le foireann Cumarsáide
- Scileanna meán cumarsáide
- Taithí ar bhainistiú airgeadais

Tréithe pearsanta speisialta atá de dhíth don phost:

- Scileanna maithe i dtaobh féin-eagrúcháin agus tosaíochtaí a leagan amach, agus cumas tosaíochtaí iomadúla a bhainistiú
- Taithí chruthaithe ar a bheith ag obair le comhpháirtithe ilchineálacha chun fadhbanna a réiteach agus spriocanna coiteanna a bhaint amach
- Ábalta a bheith ag obair go neamhspleách agus mar bhall foirne éifeachtach araon, a léiríonn treallús agus cruthaitheacht
- Scileanna maithe idirphearsanta agus cumarsáide, ancumas idirghníomhú go héifeachtach le daoine i dtimpeallacht ildisciplíneach agus ilchultúir
- Sárchumas éascaithe agus cothaithe foirne

Tuarastal:

Ag grád Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a bheidh an luach saothair i gcomhréir le Scála Tuarastail ceadaithe na Roinne Airgeadais don Earnáil Phoiblí, le raon tuarastail €50,848 - €64,038 (amhail an 1 Feabhra 2021) in aghaidh na bliana pro-rata i ndáil leis an am a bheidh oibrithe. Tabhair ar aird: Is ag íosmhéid an scála tuarastail ábhartha a bheidh an tuarastal tosaigh mura bhfuil an t-iarratasóir roghnaithe a n-éireoidh leis ina státseirbhíseach nó ina fhostaí sa tseirbhís poiblí faoi láthair atá ar phointe níos airde sa scála i gcomhréir leis an gCiorclán ábhartha ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Ag an gcéad phointe iontrála ar an scála a cheapfar an t-iarratasóir a n-éireoidh leis mura bhfuil an t-iarratasóir fostaithe laistigh de na Seirbhísí Poiblí faoi láthair. Déanfar ball den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair díot mura bhfuil tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí i láthair na huaire (nó mura raibh tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí le sé mhí anuas). Tá Scéim Tuarastail agus Pinsin faoi réir gnásanna faofa earnála poiblí agus glacann siad cuntas ar sheirbhís le déanaí san earnáil poiblí ag teacht le himlitreacha agus rialacha ábhartha.

Saoire Bhliantúil:

Is é 29 lá oibre in aghaidh na bliana pro-rata chun an t-am a oibríodh a léiriú an teidlíocht saoire bliantúla atá ag gabháil leis an ról seo. Níl Laethanta Saoire Poiblí san áireamh i dteidlíochtaí saoire bliantúla. Ní mór gach lá saoire a bheith ceadaithe roimh ré ag do bhainisteoir nó ag a n-ionadaí údaraithe i gcomhréir le polasaithe saoire BIM.



Fad an Chonartha:

Clúdóidh an conradh fostaíochta sainchuspóra sealadach an tréimhse suas go dtí deireadh an 31 Nollaig 2027. Cuirfidh an t-iarratasóir a n-éireoidh leis tréimhse phromhaidh isteach le linn na chéad sé mhí den chonradh.

An tSlí le hiarratas a dhéanamh

Ba chóir C.V. iomlán chomh maith le litir iarratais agus [Foirm Iarratais Folúntais BIM](#), ina ndéantar cur síos ar thaithí agus scileanna a bhaineann leis an bpost, a sheoladh ar ríomhphost chuig jobs@bim.ie nó a sheoladh sa phost chuig Rannóg Acmhainní Daonna BIM, 12 Bóthar Crofton, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath.

An Dáta Deiridh a nGlacfar le hIarratais: Ní mór gach iarratas ar an bpost seo a bheith faighte ag BIM roimh **5 p.m. ar an 22 Lúnasa 2022**. Tabhair ar aird nach nglacfar le hiarratais a bheidh déanach.

Úsáid Sonraí - Ní bhainfear úsáid as na sonraí pearsanta ná an fhaisnéis go léir a chuirtear ar aghaidh leis an iarratas seo ach chun críche an fheachtais sin agus don fheachtas sin amháin, agus déanfar na sonraí agus an fhaisnéis a scríosadh ansin i gcomhréir le Polasaí an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an sceideal coinneála sonraí atá againn. Caithfear le gach faisnéis go huile agus go hiomlán faoi rún agus ní bheidh rochtain ar an bhfaisnéis sin ach ag na daoine sin a bhfuil baint dhíreach acu leis an bhfeachtas.

Is fostóir comhdheiseanna é Bord Iascaigh Mhara